An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

Miontuairiscí

Dé Máirt 7ú Feabhra 2017

Láthair: Institiúid Oideachais Marino

Dáta/Am: an 7ú Feabhra, 11:00 – 13:40

I Láthair: Dónal Ó hAiniféin, Dairíona Nic an Iomaire, Rita Nic Amhlaoibh, Aodh Mac Craith, Robbie Cronin, Deirbhile Nic Craith, Cathnia Ó Muircheartaigh, Yvonne Ní Mhurchú, Seán Mac Nia, Séamus Ó Fearraigh, Sinéad Nic Giolla Chainnigh.

Ag Freastal: Muireann Ní Mhóráin, Aonghus Ó Lochlainn

Leithscéalta: Elaine Ní Neachtain.

Fáiltiú:

D'fháiltigh an Cathaoirleach rompu siúd a bhí i láthair.

Clár	Cur síos	Gníomh
1. Coimhlint Leasa	Níor cuireadh aon choimhlint leasa in iúl.	
2. Miontuairiscí 17 Samhain 2016	Glacadh le miontuairiscí an 17 Samhain 2016 agus tugadh cead don Chathaoirleach iad a shíniú.	
2a. Nithe ag éirí astu nach bhfuil ar an gclár	Ag eascairt as na miontuairiscí: Ardaíodh ceist faoi ghráid leasaithe na hArdteiste. Tá molta ag COGG don ROS ardú a dhéanamh ar an gcaighdeán a leagann siad síos.	Fiosrú le déanamh faoi thuairisc atá le teacht ó Chomhairle na Múinteoirí ar an ábhar seo.

	Pléadh teagmháil a dhéanamh leis an CPSMA faoin bpainéal ath-imlonnaithe.	Teagmháil le déanamh leis an CPSMA.
3. Tuairisc an Chathaoirligh	D'fhreastail an Cathaoirleach ar chruinniú maidir leis an bPlean Gnímh don Oideachas. Bhí cruinniú ag an gCathaoirleach leis an Aire Bruton ar an 15 Nollaig sa Dáil. Bhí cruinniú le foireann an Aonaid Ghaeltachta. Pléadh na cruinnithe agus tugadh tuairisc orthu.	
4. **Tuairisc an Phríomh-fheidhmeannaigh**	**Cúrsaí Oifige/Foirne:** Tá an fhoireann i mbun bogadh go hoifigí nua ar Phlás Windsor. Tuairiscíodh nach raibh aon dul chun cinn déanta maidir le post an riarthóra a líonadh. **An Clár Comhtháite do Theagasc na Gaeilge sna Scoileanna Béarla:** Tá COGG, ROS agus an CNCM tar éis aontú ar chritéir mheastóireachta don fhógra tairisceana.	

	Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí: Pléadh an tsonraíocht nua don Ghaeilge. Cinneadh comhairliú don CNCM agus don ROS fanacht bliain eile sula dtugtar isteach an cúrsa. **Cúrsaí Samhraidh:** Beidh cúrsa Gaeilge na múinteoirí Iar-bhunscoile ar siúl i mí Lúnasa i gColáiste Chnoc Labhráis agus cúrsa na gCúntóirí Riachtanais Speisialta ar siúl i Scoil Chaitlín Maude. Tá cúrsa do cheannaireacht scoile maidir leis an bPolasaí Gaeltachta á eagrú in Áth Luain.	Litir le chur chuig an CNCM agus an ROS ag moladh go mbeadh moill bliana ann, agus ag leagan amach cén fáth a mbeadh sé fiúntach.
5. Gearrthuairisc Airgeadais	Cuireadh tuairisc caiteachais Deireadh Fómhair 16 – Eanáir 17 faoi bhráid an Bhoird. Ag eascairt as seo ardaíodh ceist faoi *Irish For Parents*, comhthionscnamh COGG le Gaeloideachas. Cinneadh teacht ar a thuilleadh eolais faoi thrácht an tsuímh.	Cuirfear aiseolas maidir le trácht ar an suíomh agus ceisteanna coitianta ar fáil.
6. Tuairisc ón CNCM	Ós rud é nach raibh Elaine Ní Neachtain i láthair, ní raibh aon tuairisc ar fáil.	
7. Cuir i láthair CCEA – Seán Mac Nia	Rinneadh cur i láthair maidir le hÁiseanna Idirghníomhacha sa Mhata.	

	Cinneadh maoiniú a dhéanamh ar a leithéid de scéim, ach tuilleadh eolais a bheith ar fáil, i gcomhpháirtíocht le CCEA.	Tuarascáil níos cuimsithí le fáil ar an tionscnamh.
8. Scéimeanna Maoinithe 2018	Cuireadh gairm ar iarratais taighde faoi bhráid an Bhoird agus deineadh é a phlé. Beidh an tréimhse d'iarratais thart faoin 20 Márta agus is ceart go mbeidh toradh ann faoi dheireadh Bealtaine.	
9. An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022	Pléadh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta. Cinneadh cruinniú comhairliúcháin a eagrú le príomhoidí ó bhunscoileanna na Gaeltachta agus baill den bhoird.	Cruinniú le príomhoidí le heagrú.
10. Ráitis Leasa faoi réir na nAchtanna um Eitic	Dáileadh foirmeacha ar gach aon duine.	Comhaltaí an Bhoird le Ráitis leasa a chomhlíonadh agus a sheoladh ar ais go dtí an oifig.
11. Dátaí Cruinnithe 2017	Roghnaíodh na dátaí seo a leanas don chéad dá chruinniú eile: • An 21 Márta • An 16 Bealtaine	
12. Aon Ghnó Eile	Ghlac an Bord le moladh go dtabharfadh COGG comhairle don Aire Oideachais agus Scileanna ag tacú le polasaí rollúcháin scoile go	

	mbeidh cead ag scoileanna tús áite a thabhairt do pháistí as teaghlaigh ina bhfuil na páistí á dtógáil trí Ghaeilge.	

Síniú an Chathaoirligh:

_____

Dónal Ó hAiniféin

Dáta: _____